# Gaelscoil Raifteirí



# Sacraimint na hAithrí
# 19ú Márta 2024

# Sacraimint na hAithrí

## Loinneog don Iontróid

**Cór:** ***Tagaimis le Chéile***

**Sagart:** In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spiorad Naomh.

**Pobal:** Amen

**Sagart:** Go raibh grá Dé ár nAthair libh.

**Pobal:** **Agus le do spioraid féin.**

**Sagart:** Fáilte romhaibh chuig an gceiliúradh seo ar ghrá agus ar mhaithiúnas Dia ár nAthair. Fiú amháin nuair nach leirimid grá do dhaoine eile bíonn grá ag Dia ár nAthair dúinn i gcónaí.

***Iomann:*** **Tá Brón Orm**

***"Eistimid leis an Sceál faoi Zacháias"***
**Chuaigh Íosa go baile darbh ainm Ireachó. Bhí bailitheoir cánach ina chónaí ann. Zacháias ab anim dó. Fear santach ab ea Zacháias.**
**Theastaigh ó Zacháias Íosa a fheiceáil, ach ní raibh sé in ann mar go raibh a lán daoine ina seasamh os a chomhair. Chuaigh Zacháias in airde ar chrann chun radharc níos fearr a fháil. Nuair a chonaic Íosa Zacháias, duirt sé, "Déan deifir tar anuas! Ba mhaith liom béile a ithe leat um thráthnóna i do theachsa". Chuaigh Íosa go teach Zacháias don dinnéar. D'inis Zacháias d'Íosa go raibh brón air faoi bheith santach. Dúirt Íosa le Zacháias go raibh a chuid peacaí maite dó, agus gur chóir dó iarracht a dhéanamh tosú arís.**

**Abraimís le chéile an paidir roimh maithiúnas:**

**A Dhia ár nAthair, cabhraigh liom cuimhneamh ar na huaireanta nár mhair mé mar a d'iarr Íosa orm. Cabhraigh liom brón a bheith orm agus iarracht eile a dhéanamh.**

**Sin é Soiscéal Dé.**
**Pobal:** Moladh duit a Chríost

***Scrúdú Consiasa:***

**#1** Léirimid grá nuair a ghuímid chun Dia ár nAthair agus nuair a thugaimid buíochas Dó.

Ní léirimid grá nuair nach nguímid chun Dia ár nAthair.
Ar imigh laethanta thart nár ghuigh tú le Dia ár nAthair?

**#2** Léirimid grá nuair a roinnimid le daoine eile, nuair a thugaimid uainn roinnt dár gcuid milseáin agus nuair ligimid do pháistí eile imirt lenár gcuid breagáin.

Ní léirimid grá nuair a thógann muid rudaí nach mbaineann linn agus nuair a choinnimid againn féin iad. Ar thóg tú rud éigin nár bhain leat?

**#3** Léirimid grá nuair a bhíonn muid cineálta le daoine eile, nuair a imríonn muid le chéile gan troid a dhéanamh agus gan a bheith ag iarraidh ár dtoil féin a dhéanamh i gcónaí.
An raibh tú feargach ariamh?

**#4** Léirimid grá nuair a thugann muid cabhair do dhaoine eile.

Ní léirimid grá nuair a dhéanann muid rudaí a ghortaíonn daoine eile. Ní léirimid grá nuair a chuirimid isteach ar dhaoine eile. Ar chuir tú míshásamh ar do thuismitheirí nó ar do chairde?

**#5** Léirimid grá nuair a insíonn muid an fhírinne, go háirithe nuair atá sé deacair an fhírinne a insint.

Ar chuir tú an milleán ar dhuine eile, nó ar inis tú bréag faoi dhuine eile nó le duine eile?

**<u>Gníomh Aithrí</u>**
Admhaimís do Dhia ár nAthair nár thugamar grá do dhaoine eile mar ba mhaith leis.
**Admhaim do Dhia uilechumhtach, agus daoibhse, a bhráithre,**
**Gur pheacaigh mé go trom, le smaoineamh agus le briathar, le gníomh agus le faillí,**
**Trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhór-choir féin.**
**Ar an ábhar sin, impím ar Naomh Mhuire sior-Ógh, ar na haingil agus ar na naoimh, agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun an Tiarna Dia.**

<u>Paidreacha na bPáistí</u>
#1 Má bhí uaireanta ann nár ghuíomar chun Dia ár nÁthair.
**<u>Le chéile:</u> Tá brón orainn.**

#2 Má bhí uaireanta ann ar a dhiúltaíomar dár Mamaí agus dár nDaidí nuair a d'iarr said orainn rud éigin a dhéanamh.
**<u>Le chéile:</u> Tá brón orainn.**

#3 Má bhí ocáidí ann ar a thógamar agus a choinníomar dúinn féin rudaí nár bhain linn.
**<u>Le chéile:</u> Tá brón orainn.**

#4 Má bhí ocáidí ann ar a raibh muid feargach.
**<u>Le chéile:</u> Tá brón orainn.**

#5 Má bhí ocáidí ann ar a ghortaíomar daoine eile.
**<u>Le chéile:</u> Tá brón orainn.**

**<u>Sagart:</u> Abraimís le chéile an Gníomh Dóláis:**

**A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom. Tá brón orm faoi mo pheacaí uile,
Nach raibh grá agam Duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa agus gan peaca a dhéanamh arís.
Amen.**

**<u>Sagart</u>:** A Dhia ár nAthair, bhronn tú an bheatha orainn. Tá aithne agat orainn. Tá a fhios Agat cé chomh deacair is atá sé againn grá a leiriú. Cabhraigh linn a bheith níos grámhaire. Amen.

Guímis le chéile leis na focail a mhúin Íosa dúinn:
**Ár nAthair, atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin, agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc. Amen.**

<u>Faoistin Aonar agus Aspalóid - **Sacraimint na nÁithrí.**</u>
*** Comartha na Croise.**
***"Beannaigh mé a Athair, mar níor thaispeáin mé grá."**
*** "Seo é mo chéad fhaoistinn."**
*** "Níor thug mé grá do Dhia nuair........."**
*** "Tá brón orm faoi mo pheacaí uile."**
*** Éist leis an sagart.... Aithrí.**
*** <u>An Gníomh Dóláis.</u>**
**Tugann an sagart maithiúnas. Amen.**

Paidir tar éis maithiúnas: **A Dhia ár nAthair, Go raibh maith agat faoi maithiúnas a thabhairt dom. Cabhraigh liom grá a thabhairt do dhaoine eile. Cabhraigh liom maireachtáil mar a d'iarr Íosa orm.**

Ceiliúradh Imeachta

**Sagart:** Imigí faoi shíocháin chun bhur saol a chaitheamh ar nós Íosa. **Amen.**

**Sagart:** Imigí faoi shíocháin chun grá a thabhairt dá chéile. **Amen.**

**Sagart:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh uile, In Ainm an Athair, Mac agus Spiorad Naomh. **Amen.**

**Iomann**: **Seo é an Lá.**

***Seo iad na páistí as Rang a Dó atá ag déanamh an Chéad Fhaoistinn:***